2025/1893

19.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1893 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2025

lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais maidir le fianuithe oiliúna daoine nádúrtha agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'fhianuithe oiliúna den sórt sin a mhéid a bhaineann le trealamh soghluaiste áirithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó a roghanna malartacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 307/2008 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áirítear le Rialachán (AE) 2024/573 oibleagáidí maidir le fianuithe oiliúna daoine nádúrtha chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh a bhaineann le trealamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])agus lasmuigh den raon feidhme sin agus trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil i bhfeithiclí tromshaothair, veaineanna, innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a úsáidtear in oibríochtaí talmhaíochta, mianadóireachta agus foirgnithe, traenacha, meitreo agus tramanna, chomh maith le haonaid chuisniúcháin i bhfeithiclí cuisniúcháin saothar éadroim, coimeádáin idirmhódúla agus vaigíní traenacha ina n-úsáidtear gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó roghanna malartacha ábhartha ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe, lena n-áirítear cuisneáin nádúrtha.

(2) Cumhdaítear leis na rialacha maidir le fianuithe oiliúna faoi Rialachán (AE) 2024/573 liosta leathnaithe de threalamh soghluaiste chomh maith le substaintí atá sa trealamh sin, lena n-áirítear roghanna malartacha ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe.

(3) Leis na ceanglais maidir le hábhar na gclár oiliúna agus fianaithe, ba cheart láimhseáil shábháilte a áirithiú maidir leis an trealamh ábhartha ina bhfuil gáis inadhainte nó thocsaineacha nó a oibríonn faoi bhrúnna is airde.

(4) Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar chaighdeán chothabháil agus sheirbhísiú an trealaimh chun a éifeachtúlacht fuinnimh a bharrfheabhsú agus a choinneáil ar bun, ar cuspóir eile é de chuid na n-oibleagáidí oiliuna agus fianaithe.

(5) Is gá, dá bhrí sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/573, na híoscheanglais maidir le fianuithe oiliúna daoine nádúrtha a thabhairt cothrom le dáta i ndáil leis na scileanna agus an t-eolas atá le cumhdach maidir leis an trealamh ábhartha agus na rialacha maidir le fianuithe agus coinníollacha chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'fhianuithe a shonrú.

([1]) IO L 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

([2]) Treoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir leis na hastaíochtaí ó chórais aerchóirithe mótarfheithiclí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 161, 14.6.2006, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/40/oj).

(6) Tháinig Rialachán (AE) 2024/573 in ionad Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus tugadh isteach rialacha nua maidir le hoibleagáidí fianaithe oiliúna. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 307/2008 ([4]) ón gCoimisiún a aisghairm.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, arna bhunú le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2024/573,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine nádúrtha a dhéanann na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) Trealamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE agus trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil i bhfeithiclí tromshaothair, veaineanna, innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a úsáidtear in oibríochtaí talmhaíochta, mianadóireachta agus foirgnithe, traenacha, meitreo agus tramanna ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó na substaintí malartacha hidreacarbóin nó dé-ocsaíd charbóin (CO_2) a chothabháil nó a sheirbhísiú, nó a dheisiú;

(b) seiceálacha sceite ar threalamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil i bhfeithiclí tromshaothair, veaineanna, innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a úsáidtear in oibríochtaí talmhaíochta, mianadóireachta agus foirgnithe, traenacha, meitreo, tramanna ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573;

(c) gáis ceaptha teasa fhluairínithe a aisghabháil ó chiorcaid fuaraithe aonad cuisniúcháin i bhfeithiclí cuisniúcháin saothar éadroim, coimeádáin idirmhódúla, lena n-áirítear coimeadáin chuisniúcháin, agus vaigíní traenacha agus ó chiorcaid fuaraithe trealaimh aerchóiriúcháin agus teaschaidéal i bhfeithiclí tromshaothair, veaineanna, innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a úsáidtear in oibríochtaí talmhaíochta, mianadóireachta agus foirgnithe, traenacha, meitreo, agus tramanna agus ó threalamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE;

(d) gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 a aisghabháil ó threalamh aerchóiriúcháin i bhfeithiclí bóthair, nach gcumhdaítear faoi phointe (c), atá lasmuigh de raon feidhme Threoir 2006/40/CE.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon ghníomhaíocht mhonaraíochta a dhéantar ar láithreán mhonaróir an trealaimh lena mbaineann.

Airteagal 2

Oiliúint daoine nádúrtha

1. Na daoine nádúrtha a dhéanann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), beidh ina seilbh fianú oiliúna den chineál a leagtar amach i mír 2. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go n-eiseofar cineálacha fianuithe ar leithligh nó fianú ina gcomhcheanglaítear aon cheann de na cineálacha fianaithe, lena sainaithnítear na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/517/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 307/2008 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2008 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais do chláir oiliúna agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach fianuithe oiliúna do phearsanra i dtaca le córais aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí áirithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe áirithe (IO L 92, 3.4.2008, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/307/oj).

Féadfar a mheas go gcumhdaítear leis na deimhnithe a bhunaítear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2215 ([5]) ón gCoimisiún na ceanglais faoin Rialachán seo maidir leis na substaintí ábhartha.

2. Is de na cineálacha seo a leanas a bheidh na fianuithe oiliúna dá dtagraítear i mír 1 lena bhfianaítear go bhfuil cúrsa oiliúna curtha i gcrích ag an sealbhóir lena gcumhdaítear na scileanna agus an t-eolas íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I:

(a) Fianú M1, lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 1, pointí (a), (b), (c) agus (d) a dhéanamh i ndáil le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus hidreacarbóin;

(b) Fianú M2, lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 1, pointí (a), (b), (c) agus (d) a dhéanamh i ndáil le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus hidreacarbóin, ar choinníoll go n-úsáidtear stáisiún uathoibrithe aisghabhála agus luchtaithe le haghaidh trealamh aerchóiriúcháin;

(c) Fianú M3, lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 1, pointe (a) a dhéanamh i ndáil le dé-ocsaíd charbóin (CO_2);

(d) Fianú M4, lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 1, pointí (c) agus (d) a dhéanamh i ndáil le gáis ceaptha teasa fhluairínithe.

3. Daoine nádúrtha a dhéanann ceann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), ní bheidh siad faoi réir an cheanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad cláraithe do chúrsa oiliúna chun fianú a fháil a chumhdaíonn an ghníomhaíocht ábhartha, agus;

(b) déanann siad an ghníomhaíocht faoi mhaoirseacht duine ag a bhfuil fianú a chumhdaíonn an ghníomhaíocht sin agus atá lánfhreagrach as an ngníomhaíocht a chur i gcrích i gceart.

An maolú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, beidh feidhm aige ar feadh na dtréimhsí a chaithfear i mbun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a dhéanamh, ar tréimhsí iad nach faide ná 24 mhí ina n-iomláine.

Airteagal 3

Fianuithe oiliúna a eisiúint do dhaoine nádúrtha

1. Eiseoidh comhlacht fianaithe dá dtagraítear in Airteagal 4 fianú oiliúna do dhaoine nádúrtha a bhfuil cúrsa oiliúna curtha i gcrích acu lena gcumhdaítear na scileanna agus an t-eolas íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san fhianú oiliúna:

(a) ainm an chomhlachta fianaithe, ainm iomlán a shealbhóra agus uimhir chlárúcháin;

(b) an cineál fianaithe oiliúna mar a shonraítear in Airteagal 2(2) agus sonraíocht na ngníomhaíochtaí atá sealbhóir an chineáil fianaithe oiliúna sin i dteideal a dhéanamh, chomh maith le sonraíocht an chineáil trealaimh lena mbaineann;

(c) an dáta eisiúna agus síniú an eisitheora.

3. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chomhlachtaí fianaithe daoine nádurtha a dhíolmhú ón gceanglas freastal ar chúrsa oiliuna dá dtagraítear in Airteagal 3(1), i gcás ina bhfuair an duine nádúrtha scileanna agus eolas roimhe atá coibhéiseach leo siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2215 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2024 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais chun deimhnithe a eisiúint do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do na deimhnithe sin, a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, timthriallta orgánacha den chineál Rankine agus aonaid chuisniúcháin i dtrucailí cuisniúcháin, leantóirí cuisniúcháin, feithiclí saothair éadroim cuisniúcháin, coimeádáin idirmhódúla agus vaigíní traenach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó roghanna malartacha orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ón gCoimisiún (IO L, 2024/2215, 9.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2215/oj).

Airteagal 4

Comhlacht fianaithe

1. Sonróidh na Ballstáit sa dlí náisiúnta nó ainmneoidh siad an t-údarás nó na húdaráis atá inniúil chun comhlacht fianaithe a ainmniú atá údaraithe chun fianú oiliúna a eisiúint do dhaoine nádúrtha a bhfuil cúrsa oiliúna curtha i gcrích acu lena gcumhdaítear na scileanna agus an t-eolas íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Beidh an comhlacht fianaithe neamhspleách neamhchlaonta agus a chuid gníomhaíochtaí á ndéanamh aige.

2. Déanfar na hoiliúintí a phleanáil agus a struchtúrú ar bhealach a áiritheoidh go gcumhdófar na scileanna agus an t-eolas íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Soláthróidh an comhlacht fianaithe ionad na hoiliúna lena n-áiritheofar sábháilteacht na n-iarratasóirí, go háirithe nuair a dhéanann siad gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear cuisneáin atá inadhainte.

3. Déanfaidh an comhlacht fianaithe nósanna imeachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun fianuithe oiliúna a eisiúint agus coinneoidh sé taifid lenar féidir fíorú a dhéanamh ar eisiúint fianuithe den sórt sin a choimeádtar ar feadh íostréimhse 5 bliana.

Airteagal 5

Coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach

1. Ní bheidh feidhm ag aitheantas frithpháirteach fianuithe oiliúna idir na Ballstáit ach amháin maidir le fianuithe oiliúna a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 3, maidir leis na gníomhaíochtaí a shonraítear sna fianuithe sin.

2. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon mheastóireacht ná aon chineál eile nósanna imeachta um measúnú ná aon cheanglas riaracháin díréireach ar shealbhóirí fianuithe oiliúna arna n-eisiúint ag Ballstát eile chun na fianuithe sin a aithint nó chun rochtain ar fhostaíocht a cheadú do shealbhóirí na bhfianuithe oiliúna sin le haghaidh na ngníomhaíochtaí a shonraítear iontu.

3. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar shealbhóirí fianaithe oiliúna a eisíodh i mBallstát eile aistriúchán ar an bhfianú i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a sholáthar.

Airteagal 6

Fianuithe oiliúna, cúrsaí oiliúna athnuachana nó próisis mheastóireachta atá ann cheana

Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar leis na cúrsaí oiliúna athnuachana mar a cheanglaítear faoi Airteagal 10(9) de Rialachán (AE) 2024/573 cruthúnas ar eolas praiticiúil agus teoiriciúil agus ar scileanna na ndaoine nádúrtha mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun na críche sin, de bhun Airteagal 10(9) de Rialachán (AE) 2024/573, áiritheoidh siad nach gceadaítear do shealbhóirí an fhianaithe a eisítear faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 307/2008 leanúint den fhianú sin a úsáid ach amháin má nuashonraíonn siad a n-eolas agus a scileanna chuig leibhéal an eolais agus na scileanna is gá le haghaidh fhianú M1, M2 nó M4 dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a), (b) agus (d) den Rialachán seo agus a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

Airteagal 7

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 307/2008.

2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Na híoscheanglais maidir leis na scileanna agus leis an eolas atá le cumhdach ag na cláir oiliúna

Cumhdófar an méid seo a leanas sa chúrsa oiliúna dá dtagraítear in Airteagal 3(2):

(a) modúl teoiriciúil a léirítear mar (T) sna colúin,

(b) modúl praiticiúil ina ndéanfaidh an t-iarratasóir an tasc comhfhreagrach leis an ábhar, leis na huirlisí agus leis an trealamh ábhartha, a léirítear mar (P) sna colúin.

Eolas agus scileanna íosta		Fianú M1	Fianú M2	Fianú M3	Fianú M4
1.1	Buntuiscint ar reachtaíocht an Aontais agus ar an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, go háirithe an Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe. Buneolas ar shaincheisteanna ábhartha comhshaoil (an t-athrú aeráide, cuspóirí aeráide an Aontais, Comhaontú Pháras, leasú Kigali ar Phrótacal Montréal, acmhainneacht téimh dhomhanda na ngás ceaptha teasa fluairínithe).	T	T	T	T
1.2	Buntuiscint ar theirmidinimic cuisneán i gciorcaid fhuaraithe.	T	T	T	T
1.3	Eolas ar bhun-chomhpháirteanna agus oibriú trealaimh aerchóiriúcháin agus teaschaidéal (lena n-áirítear fuarú ceallraí) chomh maith le haonaid chuisniúcháin i dtrealamh soghluaiste a chumhdaítear leis an rialachán seo, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó atá ag brath ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe agus, ar roghanna malartacha ar na gáis sin.	T	T	T	T
1.4	Buneolas ar úsáid agus airíonna na ngás ceaptha teasa fluairínithe agus, i gcás inarb ábhartha, roghanna malartacha ar na gáis sin a úsáidtear mar chuisneáin i dtrealamh aerchóiriúcháin agus i dteaschaidéil chomh maith le haonaid chuisniúcháin i dtrealamh soghluaiste a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chomh maith leis na hairíonna tábhachtacha eile, de réir mar is ábhartha, lena n-áirítear ceanglais inadhainteachta, tocsaineachta nó brú.	T	T	T	T
1.5	Eolas ar rioscaí don tsábháilteacht agus don tsláinte nuair atáthar ag obair le cuisneáin inadhainte (uirlisí agus trealamh cuí, trealamh cosanta pearsanta, achair shábháilte oibre)	T	T		T
1.6	Eolas ar rioscaí don tsábháilteacht agus don tsláinte nuair atáthar ag obair le cuisneáin (R744) faoi bhrúnna is airde			T	

Eolas agus scileanna íosta		Fianú M1	Fianú M2	Fianú M3	Fianú M4
1.7	Buntuiscint ar choincheap na hAcmhainneachta Téimh Dhomhanda, úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe agus substaintí eile mar chuisneáin, tionchar na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe ar an aeráid (ord méadaíochta a n-acmhainneachta téimh dhomhanda) agus forálacha ábhartha de Rialachán (AE) Uimh. 2024/573 agus de Threoir 2006/40/CE. Buneolas ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol ó tháirgí dianscaoilte substaintí fluairínithe áirithe (SPFAanna) amhail HFCanna, HFOnna agus HCFOnna	T	T		T
1.8	Eolas ar chaighdeáin rialála agus sábháilteachta chun oibriú le cuisneáin inadhainte. Stóráil, iompar agus láimhseáil shábháilte le sorcóirí brú ina bhfuil cuisneán inadhainte. Eolas ar straitéisí maolaithe guaise dóiteáin agus ar nósanna imeachta éigeandála i gcás sceite nó adhainte.	T	T		T
2.	**Seiceálacha sceite**				
2.1	Buntuiscint ar phointí sceite a d'fhéadfadh a bheith i dtrealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil i bhfeithiclí agus in innealra nach innealra bóthair é.	T	T		
2.2	Modhanna agus dea-chleachtais chun seiceálacha sceite a dhéanamh ar threalamh aerchóiriúcháin soghluaiste agus teaschaidéil ag cineálacha éagsúla feithiclí agus innealra soghluaiste nach innealra bóthair é chun astaíochtaí cuisneáin a íoslaghdú.	T/P	T		
2.3	Taifid an trealaimh a sheiceáil roimh sheiceáil le haghaidh sceite agus an fhaisnéis ábhartha a shainaithint faoi aon saincheist nó aon fhadhb a tharlaíonn arís agus arís eile agus a bhfuil aird speisialta le tabhairt orthu.	T	T		
2.4	Amharc-chigireacht agus cigireacht láimhe a dhéanamh ar an gcóras ina iomláine	P	T		
2.5	Seiceáil indíreach a dhéanamh le haghaidh sceitheadh sa chóras (trí úsáid a bhaint as brú, teocht agus gairis tomhais leictreacha agus na paraiméadair thomhaiste a léirmhíniú)	P	P		
2.6	Seiceáil indíreach a dhéanamh le haghaidh sceitheadh sa chóras ar bhonn tástáil brú agus folúis	P	P		
2.7	Seiceáil dhíreach le haghaidh sceitheadh a dhéanamh (sprae boilgeog, leacht lonrúil UV, gaireas leictreonach chun sceitheadh a bhrath)	P	P		

Eolas agus scileanna íosta		Fianú M1	Fianú M2	Fianú M3	Fianú M4
2.8	Na sonraí a chur isteach i dtaifid an trealaimh.	T	T		
3	**Trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste agus teaschaidéil i bhfeithiclí, agus innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chothabháil nó a sheirbhísiú agus a dheisiú.**				
3.1	Eolas ar dhea-chleachtais i dtrealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil i bhfeithiclí agus innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chothabháil nó a sheirbhísiú.	T	T	T	
3.2	Na hoibríochtaí caighdeánacha cothabhála nó seirbhísithe (athlíonadh) agus deisiúcháin a dhéanamh ar threalamh aerchóiriúcháin soghluaiste agus ar theaschaidéil i ngrúpa feithiclí roghnaithe nó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (catagóirí ainmneacha) a chumhdaítear leis an rialachán seo ina bhfuil aon ghás ceaptha teasa fluairínithe agus hidreacarbóin nó atá ag brath ar aon ghás ceaptha teasa fluairínithe agus hidreacarbóin, lena n-áirítear folús, líonadh, seiceáil líne leachta agus líne súite, fofhuarú, forthéamh, rialú teochta agus brú, aimpí comhbhrúiteora, dromchla comhdhlúthadáin agus galaitheora a sheiceáil, suiteáil comhpháirteanna agus comhlaí sa suíomh ceart.	P	T		
3.3	Na hoibríochtaí caighdeánacha cothabhála nó seirbhísithe (athlíonadh) agus deisiúcháin a dhéanamh ar threalamh aerchóiriúcháin soghluaiste agus ar theaschaidéil i bhfeithiclí roghnaithe nó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chumhdaítear leis an rialachán seo ina bhfuil R7444 (CO_2) nó atá ag brath ar R744 (CO_2)„ lena n-áirítear folús, líonadh, seiceáil líne leachta agus líne súite, fofhuarú, forthéamh, rialú teochta agus brú, aimpí comhbhrúiteora, dromchla comhdhlúthadáin agus galaitheora a sheiceáil, suiteáil comhpháirteanna agus comhlaí sa suíomh ceart.			P	
3.4	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn cothabhála nó seirbhisiú.	T	T	T	
4.	**Aisghabháil gás ceaptha teasa fluairínithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol**				
4.1	Eolas ar nósanna imeachta coiteanna chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a aisghabháil ó threalamh aerchóiriúcháin soghluaiste, ó theaschaidéil agus ó aonaid chuisniúcháin shoghluaiste, agus gné inadhainteachta cuid de na gáis sin á cur san áireamh.	T	T		T

Eolas agus scileanna íosta		Fianú M1	Fianú M2	Fianú M3	Fianú M4
4.2	Eolas ar stóráil cheart cuisneán aisghafa agus socruithe maidir le hathchúrsáil, aisghabháil agus díothú chomh maith leis na ceanglais dhlíthiúla faoi seach lena n-áirítear doiciméadú agus tuairisciú, más infheidhme.	T	T		T
4.3	Cuisneán a aisghabháil ó aonad aerchóiriúcháin soghluaiste nó ó threalamh aerchóiriúcháin nó ó theaschaidéal ar fheithicil nó ar fheithicil shoghluaiste nach feithicil bhóthair í a áirítear sa ghrúpa seo	P	P		P

IARSCRÍBHINN II

Tábla Comhghaoil

Rialachán (CE) Uimh. 307/2008	An Rialachán seo
Airteagal 1	-
Airteagal 2(1)	Airteagal 2(1)
Airteagal 2(2)	Airteagal 2(2)
Airteagal 2(3)	-
Airteagal 3(1)	Airteagal 3(1)
Airteagal 3(2)	-
Airteagal 3(3)	Airteagal 3(2)
Airteagal 3(4)	-
Airteagal 4(1)	-
Airteagal 4(2)	-
Airteagal 4(3)	-
Airteagal 5(1)	Airteagal 4(1)
Airteagal 5(2)	Airteagal 4(2)
Airteagal 6	Airteagal 6